# 11 CLUICHÍ CEANNAIS NA hÉIREANN

## Cluichí

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Corn a dhearadh
2. Comhrá faoi Chorn Sam Maguire

### CLUICHE

**Múineadh scileanna Peile**

- Grúpaí de 4/5
- Béim ar iompar na liathróide, pasáil, glacadh, scóráil, taicleáil,
- Críochnú le cluiche peile

**Corp an Cheachta:**

1. Léigh an t-alt seo thíos:

*Tosaíonn craobh na hÉireann i mí Bhealtaine gach bliain agus críochnaítear é i mí Mheán Fómhair. Gach bliain tagann na mílte ó cheann ceann na tíre go Páirc an Chrócaigh ar thóir Craobh Iomána nó Peile na hÉireann. Imríodh an chéad Chluiche Ceannais na hÉireann in 1887. Bhuaigh Tiobraid Árann an chéad chluiche ceannais iománaíochta agus bhuaigh Luimneach an chéad chraobh peile. Imríodh na cluichí i mBiorra, Co. Uíbh Fháilí in áit Pháirc an Chrócaigh, áit a n-imrítear inniu iad. Is gaisce mór é d'aon imreoir an corn Liam Mac Carthaigh a bhuacan dá bhfoireann san iomáint nó an corn Sam Maguire a bhuacan don pheil.*

2. Labhair leis na daltaí mar gheall ar na coirn úd seo agus taispeáin pictiúr dóibh de na coirn. Ceistigh iad mar gheall ar ainmneacha na gcorn-an bhfuil fhios acu cad as a dtáinig na hainmneacha?
3. Léigh an t-alt faoi Chorn Sam Maguire agus taispeáin pictiúr de dóibh

**Críoch an Cheachta:**

Iarr ar na páistí a gcorn féin a dhearadh don pheil agus mínigh cén fáth gur dhear siad sa treo sin é.

### CEISTEANNA

1. An raibh aon duine ag cluiche ceannais?
2. Cá mbíonn cluichí ceannais ar siúl?
3. Cár imríodh an chéad chluiche ceannais?
4. Ce dó a bhronntar Corn Sam Maguire?
5. Cén corn atá díreach cosúil le Corn Sam Maguire?
6. Cad is brí le CLG?

Cluichí



Erasmus+